



An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2027

Téama 3: Scileanna Traidisiúnta agus Caomhnú

Seimineár Gréasáin Eolais d'Iarratasóirí
an 28 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

[Cláraigh anseo](#)



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Eolas faoin Téama Seo

Tacaíonn Scileanna Traidisiúnta agus Caomhnú le tionscadail a chabhraíonn le scileanna traidisiúnta oidhreachta agus caomhnaithe a chaomhnú, a chleachtadh agus a thabhairt go dtí an chéad ghlúin eile.

Is féidir le idir ghníomhaíochtaí tosaigh feasachta agus oiliúint ar leibhéal níos airde a bheith i gceist le tionscadail. Ní gá creidiúnú foirmiúil, ach ba cheart go mbeadh an fhoghlaím bríoch, dea-phleanáilte agus á cur ar fáil ag cleachtóirí a bhfuil taithí chuí acu.

Forbraíonn na tionscadail is láidre scileanna praiticiúla, méadaíonn siad feasacht ar chleachtais thraidisiúnta agus cuidíonn siad leis an acmhainn is gá chun cúram a dhéanamh d'oidhreacht na hÉireann amach anseo a fhorbairt.

An é seo an Téama Ceart do do Thionscadal?

D'fhéadfadh an téama seo a bheith oiriúnach má dhéanfaidh do thionscadal an méid a leanas:

- Tacú le haistriú scileanna idir cleachtóirí taithíocha agus foghlaimeoirí.
- Oiliúint struchtúrach, ceardlanna nó deiseanna meantóireachta a chur ar fáil.
- A chur ar chumas rannpháirtithe foghlaim trí obair chaomhnaithe phraiticiúil.
- Feasacht agus tuiscint ar scileanna traidisiúnta a chur chun cinn.
- Spéis a spreagadh i ngairmeacha beatha agus conairí oiliúna a bhaineann leis an oidhreacht.
- Acmhainn áitiúil a neartú chun aire a thabhairt do shócmhainní oidhreachta.
- Spriocghrúpaí nua a spreagadh, daoine óga ina measc.

Ní gá do thionscadail a bheith mór. Is féidir le deiseanna foghlama beaga teagmhálacha tionchar marthanach a imirt.

Cad atá i gceist le Tionscadal Láidir Scileanna Traidisiúnta?

Is gnách go bhfreagraítear i dtionscadail rathúla sé cheist shimplí:

Cén Scil, Cleachtas nó Eolas a Roinnfear?

Mínigh an scil, an cheird nó an cleachtas caomhnaithe atá i gceartlár an tionscadail.

Cén Fáth a bhfuil sé Tábhachtach?

Déan cur síos ar a thábhacht maidir le caomhnú na hoidhreachta, cleachtas traidisiúnta nó leanúnachas cultúrtha.

Cé a Bhainfidh Tairbhe?

Inis dúinn cé a ghlacfaidh páirt agus cad a bhainfidh siad ón eispéireas.

Cad a Fhoghlaimeoidh Rannpháirtithe?

Mínigh an t-eolas, na scileanna nó an fheasacht a fhorbróidh rannpháirtithe.

Conas a Ghlacfaidh Daoine Páirt?

Léirigh conas a bheidh rannpháirtithe rannpháirteach go gníomhach trí bheith ag déanamh, ag breathnú go géar, ag cleachtadh nó ag idirghníomhú.

Cad a Tharlóidh ina Dhiaidh Seo?

Inis dúinn conas a thacóidh an tionscadal le húsáid, le meas nó le haistriú leanúnach na scileanna traidisiúnta.

Samplaí de Thionscadail ar Féidir Linn Tacú Leo

Seo a leanas tionscadail shamplacha ar féidir linn tacú leo faoin téama seo:

- Ceardlanna praiticiúla i scileanna traidisiúnta tógála agus ceardaíochta amhail tuíodóireacht, saoirseacht chloiche, obair aoil, gaibhneacht dhubh nó siúinéireacht.
- Ábhair thraidisiúnta amhail giolcach nó tuí le haghaidh tuíodóireachta a fhás, a bhaint nó a ullmhú.
- Cláir struchtúracha oiliúna arna gcur ar fáil ag cleachtóirí cáilithe.
- Printíseachtaí, socruithe meantóireachta agus tionscnaimh chun scileanna a aistriú.
- Tionscadail foghlama idirghlúine.
- Tionscadail phraiticiúla chaomhnaithe ina bhfoghlaímíonn rannpháirtithe trí bheith ag obair ar shócmhainní oidhreachta.
- Seisiúin tosaigh a chuireann feasacht, tuiscint agus spéis i scileanna traidisiúnta chun cinn.
- Imeachtaí taispeántais pobail a léiríonn scileanna agus ceardaíocht thraidisiúnta agus a spreagann rannpháirtíocht.

Ba cheart go mbeadh an bhéim i gcónaí ar fhoghlaim bhríoch agus ar eolas agus scileanna traidisiúnta a aistriú.

Cabhrú Leat na Ceisteanna maidir leis an Léiriú Spéise a Fhreagairt

Bain úsáid as na samplaí sa treo seo mar phointe tosaigh, ach inis dúinn faoin scil thraidisiúnta, an cheird nó faoin eolas a bhfuil do thionscadal dírithe air. Mínítear sna hiarratais is láidre an fáth a bhfuil an scil tábhachtach, cé a bhainfidh tairbhe as í a fhoghlaim agus conas a chuirfear ar aghaidh í amach anseo.

Riachtanas nó Deis Oidhreachta

Seo ceann de na codanna is tábhachtaí de d'iarratas.

Cabhraigh linn an méid a leanas a thuiscint:

- Cén scil thraidisiúnta, ceird nó eolas a bhfuil an tionscadal dírithe air?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do chaomhnú na hoidhreachta nó don oidhreacht chultúrtha?
- Cén fáth a bhfuil gá le tacaíocht anois?
- Conas a chabhróidh an tionscadal leis na scileanna sin a chothú nó a neartú?

Bí sonrach faoi na scileanna atá i gceist agus faoin riachtanas a dtabharfaidh do thionscadal aghaidh air.

Dea-Chleachtas Oidhreachta

Ba cheart go mbeadh cleachtóirí a bhfuil na scileanna agus an taithí chuí acu páirteach sna tionscadail chun a chinntiú go n-aistrítear na scileanna ar bhealach sábháilte, cruinn agus barántúil.

Ag brath ar an tionscadal, féadtar a áireamh leis seo:

- Ceardaithe traidisiúnta.
- Speisialtóirí caomhantais.
- Conraitheoirí oidhreachta.
- Máistircheardaithe.
- Oiliúnóirí agus meantóirí.
- Cleachtóirí taithíocha pobail.

Is féidir leis an scéim deontais tacú le costais a bhaineann le saineolas gairmiúil oidhreachta, nuair is cuí. Ba cheart go gcuirfeadh tionscadail dea-chleachtas, torthaí láidre foghlama agus rannpháirtíocht ghníomhach le chéile.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Tacaíonn go leor scileanna traidisiúnta le cur chuige inbhuanaithe i leith chúram na hoidhreachta.

Nuair atá an cheist seo á freagairt, smaoinigh faoi:

- conas a thacaíonn scileanna traidisiúnta le deisiú, athúsáid nó caomhnú;
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhair nó modhanna traidisiúnta á n-úsáid; agus
- conas a chuirfear tionchair chomhshaoil san áireamh agus an tionscadal á chur i gcrích.

Ní gá duit a bheith i do shaineolaí aeráide. Ní theastaíonn uainn ach a chinntiú gur cuireadh inbhuanaitheacht san áireamh ar bhealach praiticiúil.

Is féidir leat teacht ar níos mó teoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim](#), [Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Rannpháirtíocht an Phobail

Tá rannpháirtíocht an phobail i gceartlár an téama seo. Ba cheart go mbeadh deiseanna ag rannpháirtithe na scileanna agus cleachtais chaomhnaithe thraidisiúnta a fhoghlaim, a chleachtadh, a bhreathnú nó a dhéanamh go díreach.

Is féidir a áireamh le rannpháirtíocht an phobail:

- Páirt a ghlacadh i gceardlanna praiticiúla nó i seisiúin oiliúna.
- Foghlaim ó cheardaithe agus ó chleachtóirí a bhfuil taithí acu.
- Páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí, meantóireacht nó tionscnaimh chun scileanna a aistriú.
- Cuidiú le tionscadail chaomhnaithe faoi mhaoirseacht saineolaí.
- Freastal ar thaispeántais, ar chuaipteanna ar láithreáin nó ar imeachtaí scileanna oidhreachta.
- Eolas agus teicnící traidisiúnta a thaifeadadh agus a roinnt.
- Cuidiú le gníomhaíochtaí foghlama agus feasachta pobail a eagrú.
- Dul i dteagmháil le daoine óga, scoileanna nó lucht spéise nua maidir le scileanna traidisiúnta.

Ba cheart go mbeadh an rannpháirtíocht gníomhach agus bríoch. Ní dócha go mbeidh tionscadail nach bhfuil bunaithe ach ar fhreastal nó ar bhreathnóireacht éighníomhach iomaíoch.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag tionscadail a bheith fáilteach agus inrochtana, agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine d'aoiseanna, de chúlraí agus ar leibhéil éagsúla taithí páirt a ghlacadh.

Tá **tairbhe phoiblí** agus **ceadanna** tábhachtach do gach iarratas. Is féidir leat teacht ar níos mó treoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim](#), [Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teachta Aniar Aeráide](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Aschur, Torthaí agus Leagáid

Smaoinigh ar an méid a leanas:

Aschur

Na gníomhaíochtaí agus na táirgí a chuirfidh do thionscadal ar fáil. Samplaí:

- Ceardlanna agus seisiúin oiliúna.
- Taispeántais agus imeachtaí foghlama.
- Deiseanna meantóireachta.
- Acmhainní scileanna nó ábhair foghlama.
- Tionscadail phraiticiúla chaomhnaithe.
- Taifeadtaí nó cáipéisíocht scileanna oidhreachta.

Torthaí

An difríocht a dhéanfaidh do thionscadal. Samplaí:

- Feasacht mhéadaithe ar scileanna traidisiúnta.
- Scileanna praiticiúla a d'fhoghlaim rannpháirtithe.
- Tuiscint níos fearr ar chaomhnú oidhreachta.
- Feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar scileanna traidisiúnta agus cleachtais chaomhnaithe.
- Idirchaidreamh le spriocghrúpaí nua agus daoine óga.
- Acmhainn áitiúil níos láidre chun aire a thabhairt don oidhreachta.

Leagáid

Na tairbhí marthanacha a bhainfear i ndiaidh an tionscadail a chur i gcrích. Samplaí:

- Scileanna agus eolas traidisiúnta coimeádta agus curtha ar aghaidh sa phobal.
- Spéis leanúnach i gceardaíocht agus cleachtais chaomhnaithe thraidisiúnta.
- Páirt á glacadh ag oibrithe deonacha nó cleachtóirí nua san oidhreachta.
- Úsáid leanúnach á baint as acmhainní foghlama tionscadail.
- Dul chun cinn go hoiliúint, oideachas nó gairmeacha beatha oidhreachta eile.

An Leid is Fearr ☆

Mínítear i dtionscadail láidre ní hamháin cad a dhéanfaidh siad, ach freisin cad a bhainfidh na rannpháirtithe amach agus conas a leanfaidh na tairbhí sin ar aghaidh tar éis dheireadh an tionscadail.

Rudaí Nach dTacóimid Leo

I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- ✗ Taispeántais éighníomhacha nach mbíonn mórán deiseanna, nó deiseanna ar bith, iontu don fhoghlaím ná don rannpháirtíocht.
- ✗ Gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil gan saineolas cuí ó chleachtóirí.
- ✗ Gníomhaíochtaí ginearálta ceardaíochta nach bhfuil aon cheangal soiléir acu leis an oidhreacht ná leis an gcaomhnú.
- ✗ Imeachtaí aonuaire nach léiríonn aon tairbhe shoiléir do rannpháirtithe ná aon torthaí foghlama.
- ✗ Tionscadail nach léiríonn rannpháirtíocht ghníomhach.
- ✗ Gníomhaíochtaí nach bhfuil aon cheangal soiléir acu le scileanna traidisiúnta, aistriú eolais ná caomhnú na hoidhreachta.

Seicliosta Gearr ✓

Sula seolfaidh tú do Léiriú Spéise, ar mhínigh tú:

- Cén scil thraidisiúnta, ceird nó eolas a bhfuil do thionscadal dírithe air?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do chaomhnú na hoidhreachta nó don oidhreacht chultúrtha?
- Cén fáth a dteastaíonn gníomh anois?
- Conas a bheidh rannpháirtithe rannpháirteach go gníomhach?
- Cad a fhoghlaiméoidh nó a bhainfidh daoine as?
- Conas a bhainfidh an pobal níos leithne tairbhe as?
- Cad a sholáthróidh do thionscadal?
- Cén difríocht a dhéanfaidh do thionscadal?
- Cén saineolas a thacóidh leis an tionscadal?
- Conas a leanfaidh na scileanna, an t-eolas nó an spéis a chruthaigh an tionscadal amach anseo?

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council